Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13929/25**

**TRANS 466**
**DELACT 151**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 631 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le tarmligean na cumhachta faoi Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 631 final.

Faoi iamh: COM(2025) 631 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2025
COM(2025) 631 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le tarmligean na cumhachta faoi Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Treoir 2008/68/CE[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir'), bunaítear creat le haghaidh earraí contúirteacha a iompar de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre san Aontas Eorpach. Leis an Treoir, glacadh an reachtaíocht idirnáisiúnta shonrach agus rinneadh éigeantach í freisin le haghaidh oibríochtaí iompair náisiúnta a dhéantar i mBallstáit an Aontais. Déantar an reachtaíocht idirnáisiúnta a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) agus na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF).

Go sonrach, is éard atá sa reachtaíocht idirnáisiúnta:

- an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar[2] (ADR) agus an Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre[3] (ADN), arna nglacadh araon faoi choimirce CEE-NA; agus
- an Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród[4] (RID), arna ghlacadh faoi choimirce OTIF.

De ghnáth, déantar na hionstraimí idirnáisiúnta sin a thabhairt cothrom le dáta gach dara bliain i gcomhréir leis an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch. An tráth céanna, áirithítear le sásra comhair idirinstitiúideach casta go leanfaidh na hionstraimí de bheith comhchuibhithe lena chéile. Éascaíonn sé sin feidhmíocht na n-oibríochtaí idirmhódúla.

Formhuiníonn an Treoir na hionstraimí idirnáisiúnta sin sna hiarscríbhinní a ghabhann léi. Tugann sé sin soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis náisiúnta maidir leis an tsraith aonair rialacha d'iompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha agus d'iompar náisiúnta earraí contúirteacha araon. Ar mhaithe le héifeachtacht, leasaítear na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir go rialta (i bprionsabal gach dhá bhliain), ionas go mbeidh siad bord ar bhord le nuashonruithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta.

Le Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] leasaíodh an Treoir chun an próiseas lena leasaítear na hiarscríbhinní a ghabhann léi a athrú. Léitear foclaíocht leasaithe Airteagal 8(1) den Treoir mar a leanas:

*Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun na leasuithe ar ADR, RID agus ADN a chur san áireamh, go háirithe na leasuithe a bhaineann le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochtaí um lorg agus rianú.*

I dtaca leis an gcumhacht tugtha sin, faoi Airteagal 8a(2) den Treoir, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le tarmligean na gcumhachtaí a thugtar dó leis an Treoir, lena n-áirithítear trédhearcacht agus cuntasacht i bhfeidhmiú a chumhachtaí tarmligthe.

## 2. FEIDHMIÚ NA CUMHACHTA GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLACADH

### 2.1. Gníomhartha tarmligthe arna nglacadh

Ó tháinig Airteagal 8(1) den Treoir i bhfeidhm san fhoirm ina bhfuil sí faoi láthair, d'fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 trí huaire, trí Threoracha Tarmligthe (AE) 2020/1833[6], (AE) 2022/2407[7] agus (AE) 2025/149[8] ón gCoimisiún a ghlacadh. Is é is cuspóir do na Treoracha Tarmligthe sin ón gCoimisiún na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a thabhairt cothrom le dáta

[1] Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/68/oj.

[2] Tá an téacs iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin CEE-NA.

[3] Tá an téacs iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin CEE-NA.

[4] Tá an téacs iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin OTIF,

[5] Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 198, 25.7.2019, lch. 241), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1243/oj.

[6] IO L 408, 4.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2020/1833/oj.

[7] IO L 317, 9.12.2022, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2022/2407/oj.

[8] IO L, 2025/149, 24.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2025/149/oj.

i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, trí na leasuithe ar ADR, RID agus ADN a chur san áireamh.

### 2.2. Comhairliúchán leis na Ballstáit eile

Bhí saineolaithe ó na Ballstáit rannpháirteach in ullmhú ghlacadh na dTreoracha Tarmligthe sin ón gCoimisiún i dtrí chéim.

Ar an gcéad dul síos, mar Pháirtithe Conarthacha agus Stáit Chonarthacha in ADR, ADN agus RID, bhí na Ballstáit rannpháirteach sa phróiseas teicniúil chun na leasuithe ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a dhréachtú, a chur i láthair, a phlé agus chun vótáil orthu.

Ar an dara dul síos, mar chomhaltaí de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le glacadh na gCinntí ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh maidir le téacs deiridh ADR, ADN agus RID leasaithe atá le glacadh ag CEE-NA agus OTIF. Bhí sé i gceist leis an dara céim sin a dheimhniú go raibh na leasuithe ar ADR, ADN agus RID iomchuí, d'fhonn iad a ghlacadh in *acquis* an Aontais mar iarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir.

Ar an tríú dul síos, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9], chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát a ceapadh chuig an Sainghrúpa um Iompar Earraí Contúirteacha maidir le tograí an Choimisiúin chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a leasú trí Threoracha Tarmligthe ón gCoimisiún a ghlacadh.

## 3. CONCLÚIDÍ

Is dócha go n-athúsáidfear na cumhachtaí tarmligthe a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 8(1) den Treoir: ag deireadh 2026, ceanglófar ar an gCoimisiún treoir tharmligthe nua ón gCoimisiún a ghlacadh chun iarscríbhinní na Treorach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Leis sin, déanfar na hiarscríbhinní a ailíniú le heagráin 2027 de ADR, ADN agus RID.

I gcomhréir le hAirteagal 8a(2) den Treoir, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil arís maidir le cumhachtaí tarmligthe roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana eile.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

9 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.